Teimpléad Éigeantach 1 : Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca

Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is iar-bhunscoil í Gaelcholáiste Synge a sholáthraíonn oideachas iar-bhunscoile do dhaltaí ó Bhliain a haon go Bliain na hArdteistiméireachta.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Synge an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí.

2 Is í Clare Catterson an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

3 Is í Lesley Plunkett an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)

4 Is í Clare Catterson an Duine Ábhartha
(Duine ábhartha is ea an duine ar féidir leis/léi eolas a sholáthar maidir leis an mbealach ar forbraíodh an ráiteas um chumhdach leanaí agus a bheidh ábalta an ráiteas a sholáthar má iarrtar é. I suíomh scoile, is é an duine ábhartha an DIA.)

5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlíonann an scoil na nósanna

imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna

(athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

Nóta: Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don

phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an _____.

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an _____ .

Síniú: _____ Dáta: _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Síniú: _____ Dáta: _____

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le [ainm na scoile]

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023), seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar [ainm na scoile].

Gníomhaíochtaí Scoile	**Rioscaí Díobhála**	**Nósanna Imeachta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí díobhála**
Teacht isteach agus imeacht na ndaltaí go laethúil	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	Tá polasaí maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.

Sosanna áineasa do dhaltaí	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	Tá polasaí maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
Teagasc sa seomra ranga	An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil; Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil	Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc); Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
Teagasc duine le duine	Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh gníomhaíochtaí teagaisc duine le duine;

		Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc); Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
Tacaíocht foghlama duine le duine	Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil	Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc); Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
Comhairleoireacht duine le duine	Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh comhairleoireachta duine le duine ; Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc);

		Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
Teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda	Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí a bhaint as ardán cumarsáide cianda teagaisc agus foghlama ar líne mar dhuine gan chuireadh ag rochtain an naisc ceachta, daltaí á bhfágáil gan mhaoirsiú ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí ar leithligh	Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda, agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí
Gníomhaíochtaí Spóirt	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	

Turais scoile	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
Turais scoile lena mbaineann fanacht thar oíche	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil; An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochta lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
Turais scoile lena mbaineann taisteal eachtrach	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil;	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile

	An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochta lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	
Úsáid limistéar na leithreas/na seomraí feistis/na gcithfholcadán i scoileanna	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá polasaí maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
Lá Spóirt Bliantúil	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	Tá polasaí maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus

		maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
Imeachtaí tiomsaithe airgid ina mbíonn daltaí páirteach	An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochta lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile	An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochta	Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile

	lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	
Socruithe iompair scoile lena n-áirítear coimhdeachtaí bus a úsáid	An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochta lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda
Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá,	Riosca díobhála do leanbh agus leanbh fao chúram pearsanta	Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu

Iompar dúshlánach a bhainistiú i measc daltaí, lena n-áirítear srianadh a úsáid go cuí nuair is gá	Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor	Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil; Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí; Tá Plean Bainistíochta um Theagmhais Chriticiúla i bhfeidhm ag an scoil
Bainistíocht ar sholáthar bia agus dí	Riosca díobhála do leanbh agus leanbh fao chúram pearsanta	Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu
Riar Leigheas	Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine	Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cógais a thabhairt do dhaltaí

Riarachán ar Gharchabhair	Riosca díobhála do leanbh agus leanbh fao chúram pearsanta	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun Garchabhair a riar
Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc); Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc ; Cuireann an scoil sonraíochtaí OSPS, OCG agus Folláine chun feidhme go hiomlán
Cosc ar an mbulaíocht agus déileáil léi i measc na ndaltaí	An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil; Risk of harm due to bullying of child	Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir leis an gcáipéis *Bí Cineálta* agus

		Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna
Pearsanra scoile a oiliúint i gcúrsaí um chosaint leanaí	Riosca gan díobháil a thuairisciú go cuí agus go pras ag pearsanra na scoile; Riosca díobhála nach n-aithníonn pearsanra na scoile	Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* de chuid na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile; Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023) ar fáil do phearsanra uile na scoile; Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh agus éilítear ar gach ball foirne cláraithe *an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* agus an tAguisín a ghabhann leis (2019) a chomhlíonadh;

		Maidir leis an scoil: Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha Spreagann sí baill an bhoird bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha Coinníonn sí taifid ar gach oiliúint foirne agus ball boird

Pearsanra seachtrach a úsáid chun cur leis an gcuraclam	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh ; Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda
Pearsanra seachtrach a úsáid chun tacú le spóirt agus le gníomhaíochtaí seach-	An baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir sa scoil díobháil do leanbh sa scoil	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid; Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda

Cúram do dhaltaí a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha orthu amhail	Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine	Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil
Pearsanra scoile a earcú	Riosca díobhála i gcás teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine; An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochta lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda
Rannpháirtíocht na ndaltaí i searmanais reiligiúnacha/teagasc reiligiúnach lasmuigh den scoil	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc);

		Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí ar scoil, na	Riosca díobhála mar gheall ar leanaí rochtain a fháil go míchuí ar ríomhairí, na meáin shóisialta, fóin agus gairis eile agus iad ar scoil	Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda, agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí ; Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018
Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear daltaí a choinneáil istigh, fóir a choigistiú etc.	Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor	Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí

Scoláirí atá rannpháirteach in eispéireas oibre sa scoil	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda;
Scoláirí ón scoil atá rannpháirteach in eispéireas oibre in áiteanna eile	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le daltaí na scoile atá i mbun taithí oibre in eagraíochtaí seachtracha
Múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna ar scoil	Riosca díobhála i gcás teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le socrúcháin d'ábhair mhúinteoirí; Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda

Físeán/grianghrafadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a	Riosca díobhála mar gheall ar bhall de phearsanra scoile cumarsáid a dhéanamh le daltaí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile	Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc); Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
Úsáid áitribh scoile ag eagraíochtaí eile	Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh ; Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid
Eagraíocht eile ag úsáid áitribh scoile i rith an lae scoile	An baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir sa scoil díobháil do leanbh sa scoil	Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh ; Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid

Club bricfeasta	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	Tá polasaí maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
Club obair bhaile/staidéar tráthnóna	Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil	Tá polasaí maoirseachta clóis ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
Bulaíocht ar dhalta leispiacha, aeracha, trasinscneacha (LGBT)	An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil; Risk of harm due to bullying of child	Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir leis an gcáipéis *Bí Cineálta* agus *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna*

Bulaíocht ar dhalta n ó chúlraí eitneacha éagsúla	Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas; Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine	Tugann an scoil faoi thionscnaimh feasachta frithchiníochais

Nóta Tábhachtach: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023)

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an ..... [dáta]. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú :_____ Dáta: _____

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú :_____ Dáta: _____

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Samplaí de ghníomhaíochtaí, rioscaí agus nósanna imeachta

Cuirtear na samplaí atá liostaithe sa doiciméad seo ar fáil chun cabhrú le scoileanna a measúnú riosca a dhéanamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeadh an liosta samplaí seo uileghabhálach. Tá sé de fhreagracht ar gach scoil a chinntiú, a mhéad is féidir, go ndéantar aon rioscaí agus nósanna imeachta eile atá ábhartha dá cúinsí áirithe féin a shainaithint agus a shonrú sa mheasúnú riosca i scríbhinn agus go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar gach riosca a shainaithnítear.

Aithnítear go bhfuil réimse beartas, cleachtas agus nósanna imeachta i bhfeidhm cheana féin ag scoileanna chun an riosca díobhála do leanaí a mhaolú agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí na scoile agus go mbeidh rioscaí díobhála íseal nó íosta ag baint le roinnt gníomhaíochtaí scoile i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile. I gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca a chaithfidh scoileanna a dhéanamh, tagraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 do riosca mar “aon fhéidearthacht le haghaidh díobhála”. Dá bhrí sin, is tábhachtach, mar chuid dá próiseas measúnaithe riosca, go ndéanann gach scoil a gcuid gníomhaíochtaí éagsúla a liostú agus a athbhreithniú (lena n-áireofar iad siúd a bhféadfadh riosca íseal díobhála a bheith ag

baint leo a shainaithint chomh maith leo siúd a bhfuil rioscaí díobhála níos airde ag baint leo). Tríd an méid sin a dhéanamh cabhrófar leis an scoil (1) aon rioscaí díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí na scoile a shainaithint, mar a cheanglaítear faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, (2) leordhóthanacht na nósanna imeachta éagsúla atá ann cheana a shainaithint agus a mheas chun na rioscaí díobhála sin a bhainistiú agus (3) aon nósanna imeachta breise a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a mheastar a bheith riachtanach chun aon riosca a shainaithnítear a bhainistiú.

Soiléirítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí a foilsíodh i mí Eanáir 2019 gur cheart d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí smaoineamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne agus a measúnú riosca á dhéanamh acu agus a Ráiteas um Chumhdach Leanaí á ullmhú.

Sa Treoir maidir le Leanúnachas na Scolaíochta tugtar comhairle do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna (Aibreán 2020) maidir leis an tábhacht a bhaineann le múinteoirí úsáid shábháilte agus eiticiúil as an idirlíon a choinneáil le linn na cianfhoghlama agus cabhrú le tuismitheoirí agus caomhnóirí a bheith feasach ar a ról freisin. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuireann a mBeartas um Úsáid Inghlactha (BUI) bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí cianfhoghlama.

Nóta Tábhachtach: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ní mar riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gcaibidil 4 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).

Samplaí de Ghníomhaíochtaí Scoile

1. Teacht isteach agus imeacht na ndaltaí go laethúil
2. Sosanna áineasa do dhaltaí
3. Teagasc sa seomra ranga
4. Teagasc duine le duine
5. Tacaíocht foghlama duine le duine
6. Comhairleoireacht duine le duine
7. Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh
8. Teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda
9. Gníomhaíochtaí Spóirt
10. Turais scoile
11. Turais scoile lena mbaineann fanacht thar oíche
12. Turais scoile lena mbaineann taisteal eachtrach
13. Úsáid limistéar na leithreas/na seomraí feistis/na gcithfholcadán i scoileanna
14. Áiseanna cónaithe a sholáthar do chónaitheoirí
15. Lá Spóirt Bliantúil
16. Imeachtaí tiomsaithe airgid ina mbíonn daltaí páirteach
17. Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile
18. Socruithe iompair scoile lena n-áirítear coimhdeachtaí bus a úsáid
19. Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá,
20. Cúram a thabhairt d'aon scoláire leochaileach, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá
21. Iompar dúshlánach a bhainistiú i measc daltaí, lena n-áirítear srianadh a úsáid go cuí nuair is gá
22. Bainistíocht ar sholáthar bia agus dí

23. Riar Leigheas

24. Riarachán ar Gharchabhair

25. Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG, Bheith Sábháilte

26. Cosc ar an mbulaíocht agus déileáil léi i measc na ndaltaí

27. Pearsanra scoile a oiliúint i gcúrsaí um chosaint leanaí

28. Pearsanra seachtrach a úsáid chun cur leis an gcuraclam

29. Pearsanra seachtrach a úsáid chun tacú le spóirt agus le gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile

30. Cúram do dhaltaí a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha orthu amhail

Daltaí mionlaigh eitneacha/imircigh

Le haghaidh daoine den lucht taistil.

Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT)

Daltaí a mheastar a bheith ina LADT

Daltaí de chreideamh reiligiúnach mionlaigh

Leanaí atá faoi chúram

Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí

Leanaí a bhfuil riachtanais mhíochaine acu

31. Pearsanra scoile a earcú lena n-áirítear -

Múinteoirí/CRSanna

Airíoch/Rúnaí/Glantóirí

Cóitseálaithe spóirt

Teagascóirí Seachtracha/Aoi-Chainteoirí

Oibrithe Deonacha/Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile

Cuairteoirí/conraitheoirí ar scoil le linn uaireanta scoile

Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí tar éis scoile

32. Rannpháirtíocht na ndaltaí i searmanais reiligiúnacha/teagasc reiligiúnach lasmuigh den scoil

33. Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí ar scoil, na meáin shóisialta san áireamh

34. Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear daltaí a choinneáil istigh, fóin a choigistiú etc.

35. Scoláirí atá rannpháirteach in eispéireas oibre sa scoil

36. Scoláirí ón scoil atá rannpháirteach in eispéireas oibre in áiteanna eile

37. Múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna ar scoil

38. Físeán/grianghrafadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadadh

39. Úsáid áitribh scoile ag eagraíochtaí eile

40. Eagraíocht eile ag úsáid áitribh scoile i rith an lae scoile

41. Club bricfeasta

42. Club obair bhaile/staidéar tráthnóna

Samplaí de Rioscaí Díobhála

1. Riosca díobhála nach n-aithníonn pearsanra na scoile
2. Riosca gan díobháil a thuairisciú go cuí agus go pras ag pearsanra na scoile
3. Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil
4. An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
5. An baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir sa scoil díobháil do leanbh sa scoil
6. An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha

7. Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí a bhaint as ardán cumarsáide cianda teagaisc agus foghlama ar líne mar dhuine gan chuireadh ag rochtain an naisc ceachta, daltaí á bhfágáil gan mhaoirsiú ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí ar leithligh
8. Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh
9. Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas
10. Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil
11. Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
12. Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile
13. Riosca díobhála mar gheall ar leanaí rochtain a fháil go míchuí ar ríomhairí, na meáin shóisialta, fóin agus gairis eile agus iad ar scoil
14. Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine
15. Riosca díobhála do leanbh agus leanbh faoi chúram pearsanta
16. Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor
17. Riosca díobhála i gcás teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine
18. Riosca díobhála mar gheall ar bhall de phearsanra scoile cumarsáid a dhéanamh le daltaí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile
19. Riosca díobhála de dheasca ball pearsanra scoile rochtain/scaipeadh a dhéanamh ar ábhar míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile.

Samplaí de Nósanna Imeachta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí díobhála

1. Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* de chuid na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile
2. Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023) ar fáil do phearsanra uile na scoile
3. Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh agus éilítear ar gach ball foirne cláraithe *an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* agus an tAguisín a ghabhann leis (2019) a chomhlíonadh
4. Cuireann an scoil an Clár maidir le Fanacht Sábháilte chun feidhme go hiomlán
5. Cuireann an scoil curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán
6. Cuireann an scoil an Clár Folláine ag an tSraith Shóisearach chun feidhme go hiomlán
7. Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir leis an gcáipéis *Bí Cineálta* agus *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna*
8. Tugann an scoil faoi thionscnaimh feasachta frithchiníochais
9. Tá polasaí maoirseachta clóis/clós súgartha ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
10. Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
11. Tá polasaí sláinte agus sábháilteacht ag an scoil

12. Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda

13. Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)

14. Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc

15. Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil

16. Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu

17. Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cógais a thabhairt do dhaltaí

18. Maidir leis an scoil:

Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile

Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua

Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha

Spreagann sí baill an bhoird bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha

Coinníonn sí taifid ar gach oiliúint foirne agus ball boird

19. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun Garchabhair a riar

20. Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí

21. Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda, agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí

22. Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018

23. Tá Plean Bainistíochta um Theagmhais Chriticiúla i bhfeidhm ag an scoil

24. Tá polasaí maidir le Teagmhálaí Baile agus Scoile agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an scoil

25. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh

26. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid

27. Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh gníomhaíochtaí teagaisc duine le duine

28. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh comhairleoireachta duine le duine

29. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le socrúcháin d'ábhair mhúinteoirí

30. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le mic léinn atá i mbun taithí oibre sa scoil

31. Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le daltaí na scoile atá i mbun taithí oibre in eagraíochtaí seachtracha.

Teimpléad Éigeantach 2 : Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Ceanglaítear ar an mBord Bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) go* gcaithfidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus go n-úsáidfear an seicliosta seo a leanas chun na críche sin. **Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain ní chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.** Cinnteofar freisin le tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil go gcomhlíonfaidh scoil a hoibleagáid reachtúil faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach aon dhá bhliain.

Ceapadh an seicliosta mar chabhair d'fhonn tabhairt faoin athbhreithniú sin agus níl sé beartaithe mar liosta uileghabhálach de na saincheisteanna atá le breithniú. Áireofar ar Bhoird Bainistíochta aonair míreanna eile a chur san áireamh sa seicliosta a bhaineann leis an scoil atá i gceist.

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe foriomlán, ba cheart do Bhoird Bainistíochta polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha scoile a mheas i leith a gcomhlíonadh le prionsabail an chleachtais is fearr maidir le cumhdach agus leas leanaí mar atá leagtha amach i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus sna *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).*

1. Ar ghlac an Bord go foirmiúil le Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?	**Ghlac**/Níor ghlac
2. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach gar do phríomhbhealach isteach na scoile?	**Tá**/Níl
3. Mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, ar ghlac an Bord go foirmiúil, gan aon mhodhnú, leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?	**Ghlac**/Níor ghlac
4. An bhfuil measúnú i scríbhinn maidir le riosca mar atá riachtanach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? (Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne mar a cheanglaítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí)	**Tá**/Níl
5. An ndearna an Bord athbhreithniú agus nuashonrú nuair is gá ar an measúnacht scríofa ar riosca mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?	**Rinne**/Ní dhearna
6. Ar cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Riosca an riosca díobhála a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda?	**Chuir**/Níor chuir

7. Ar fhreastail an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?	**D'fhreastail**/Níor fhreastail
8. Ar fhreastail an leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?	**D'fhreastail**/Níor fhreastail
9. Ar fhreastail aon bhaill den Bhord ar oiliúint um chosaint leanaí?	**D'fhreastail**/Níor fhreastail
10. An bhfuil Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha faoi láthair?	**Tá**/Níl
11. An bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha (Tusla agus An Garda Síochána) ar fáil?	**Tá**/Níl
12. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an mBord chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur in iúl do phearsanra nua scoile?	**Tá**/Níl
13. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil pearsanra uile na scoile curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?	**Tá**/Níl
14. An bhfuair an Bord Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí (TMCL) ón bPríomhoide ag gach cruinniú Boird a tionóladh ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach?	**Fuair**/Ní bhfuair
15. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar áiríodh an fhaisnéis ar fad a bhí faoi cheangal sa TMCL faoi gach ceann de na 4 cheannteideal a leagtar amach	**Áiríodh**/Níor áiríodh

in ailt 9.5 go 9.8 agus an dá alt sin san áireamh, sna nósanna imeachta?	
16. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar soláthraíodh na doiciméid ar fad don Bhord agus ar athbhreithnigh an Bord gach doiciméad a bhaineann leis an TMCL?	**Soláthraíodh**/Níor soláthraíodh **D'athbhreithnigh**/Níor athbhreithnigh
17. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na taifid a tugadh don bhord bainistíochta le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile, an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc san áireamh.	**Tá**/Níl
18. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, an ndearnadh taifead mar is cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird ar na taifid a cuireadh ar fáil don Bhord mar chuid de thuarascáil TMCL?	**Rinneadh**/Ní dhearnadh
19. An dearnadh tuarascáil TMCL a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird?	**Rinneadh**/Ní dhearnadh
20. An bhfuil an Bord sásta gur leanadh na nósanna imeachta um chosaint leanaí go cuí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?	**Tá**/Níl
21. An bhfuil an Bord sásta, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach, go bhfuiltear ag déanamh gach beart iomchuí nó go ndearnadh gach beart iomchuí i leith	**Tá**/Níl

aon bhall de phearsanra na scoile a ndearnadh líomhain mí-úsáide nó faillí ina c(h)oinne?*	
22. Nuair ab infheidhme, ar úsáideadh aitheantóirí uathúla chun cúrsaí um chosaint leanaí a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird?	**Úsáideadh**/Níor úsáideadh
23. An bhfuil an Bord sásta go ndéantar gach taifead a bhaineann le cosaint leanaí a chomhdú agus a stóráil go sábháilte?	**Tá**/Níl
24. Ar chuir aon tuismitheoir in iúl don Bhord maidir leis an tuismitheoir sin nach bhfuair an fógra caighdeánach a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?	**Chuir**/Níor chuir
25. Maidir le haon chásanna a sainaithníodh i gceist 20 thuas, ar chinntigh an Bord gur eisigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon fhógraí a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ina dhiaidh sin?	**Chinntigh**/Níor chinntigh
26. Ar chinntigh an Bord gur soláthraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó)?	**Chinntigh**/Níor chinntigh
27. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile curtha ar fáil don phátrún?	**Chinntigh**/Níor chinntigh

28. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do thuismitheoirí arna iarraidh sin?	**Chinntigh**/Níor chinntigh
29. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an clár Fan Sábháilte chun feidhme go hiomlán sa scoil? (baineann sé seo le bunscoileanna)	**Chinntigh** /Níor chinntigh
30. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an Clár Folláine do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chun feidhme ina iomláine sa scoil? (baineann sé seo le hiar-bhunscoileanna)	**Chinntigh** /Níor chinntigh
31. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil?	**Chinntigh** /Níor chinntigh
32. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)? *	**Tá**/Níl
33. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus an cineál gealltanais comhghaolmhar a sholáthar maidir le daoine a cheaptar i bpoist teagaisc agus neamhtheagaisc?*	**Tá**/Níl
34. An bhfuil an Bord sásta, ó thaobh cosaint leanaí de, go gcuireann an scoil nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin críochnúla i bhfeidhm maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)?*	**Tá**/Níl

35. An ndearna an Bord breithniú agus ar thug sé aghaidh ar aon ghearáin nó moltaí ó thaobh feabhsúcháin maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?	**Rinne**/Ní dhearna **Thug**/Níor thug
36. Ar lorg an Bord aiseolas ó thuismitheoirí maidir le comhlíonadh na scoile leis na ceanglais a bhaineann le cumhdach leanaí mar atá de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*?	**Lorg**/Níor lorg
37. Ar lorg an Bord aiseolas ó dhaltaí maidir leis na socruithe um chumhdach leanaí atá ag an scoil?	**Lorg**/Níor lorg
38. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017' á gcur chun feidhme go hiomlán agus go leordhóthanach ag an scoil?	**Tá**/Níl
39. Ar shainaithin an Bord aon ghné de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?	**Shainaithin**/Níor shainaithin
40. An bhfuil plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord ina bhfuil amlínte iomchuí luaite chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a sainaithníodh a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?	**Tá**/Níl
41. Ar chinntigh an Bord gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon réimsí le feabhsú mar a	**Chinntigh**/Níor chinntigh

sainaithníodh iad in aon athbhreithniú roimhe seo ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?	

* I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) mar fhostóir is ar an BOO lena mbaineann atá an fhreagracht riachtanais an fhostóra a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an cheist seo a chomhlánú tar éis dul i gcomhairle leis an BOO.

Síniú :_____ **Dáta:** _____

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú :_____ **Dáta:** _____

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Nóta : I gcás ina bhfuil scoil atá ag tabhairt faoina céad athbhreithniú, glacfar le tagairtí sa seicliosta seo don “athbhreithniú deireanach” chun tagairt a dhéanamh don dáta ar cuireadh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí i bhfeidhm den chéad uair.

Teimpléad Éigeantach 3: Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Chuig: **Pobal uile Ghaelcholáiste Synge**

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Synge an méid a leanas a chur in iúl duit:

• Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an _____.

• Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie

Síniú :_____ Dáta: _____

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú :_____ Dáta: _____

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

<u>Nóta Treorach 1: Seicliosta Cumarsáide an Bhoird Bainistíochta – An Ráiteas um Chumhdach Leanaí *(Ailt 8.11 agus 8.13.6 de na Nósanna Imeachta)*</u>

Gnéithe de na Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí a chur in iúl do phobal na scoile:

- Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, an Measúnú Riosca san áireamh, ar taispeáint in áit fheiceálach in aice leis an bpríomhbhealach isteach.
- Tá ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar thaispeáint go soiléir taobh leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
- Tá socruithe i bhfeidhm chun cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, a chur ar fáil do thuismitheoirí nó don phobal má iarrtar a leithéid.
- Tá cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, curtha ar fáil mar chóip chrua nó ar ríomhphost chuig na daoine a leanas:
    - an pátrún,
    - pearsanra na scoile ar fad, agus
    - cumann na dtuismitheoirí (nó na tuismitheoirí go léir mura bhfuil Cumann Tuismitheoirí ann)
- Tá cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile.

Cumarsáid atá riachtanach tar éis don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí:

*(Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain **nó** chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. I gcás fhormhór na scoileanna ciallóidh sé sin nach mór don athbhreithniú bliantúil a bheith tugtha chun críche roimh an 11 Márta gach bliain agus ní mór an t-athbhreithniú tosaigh a bheith tugtha chun críche faoin 11 Márta 2019)*:*

- Tar éis an athbhreithnithe ba cheart don Bhord Bainistíochta a chur in iúl ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí an dáta a ndearnadh é a athbhreithniú. Tugann Teimpléad Éigeantach 1 deis an dáta bunaidh a glacadh le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a thaifeadadh (Márta 2018 a bheidh i bhformhór na gcásanna, ach amháin i gcás scoileanna bunaithe tar éis an dáta sin) agus an dáta athbhreithnithe is déanaí.
- Tá an fógra scríofa caighdeánach eisithe ag an mBord Bainistíochta** ina gcuirtear in iúl go bhfuil an t-athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile tugtha chun críche i gcóip chrua nó ar ríomhphost chuig na daoine a leanas:
    - an pátrún,
    - pearsanra na scoile ar fad, agus
    - cumann na dtuismitheoirí (nó na tuismitheoirí go léir mura bhfuil Cumann Tuismitheoirí ann)
- Tá cóip den fhógra scríofa caighdeánach** ina léirítear go bhfuil an t-athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile tugtha chun críche, foilsithe ag an mBord Bainistíochta ar shuíomh gréasáin na scoile.

***Ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as 'Teimpléad Éigeantach 2: Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí' agus an t-athbhreithniú á chur i gcrích.**
****Ina theannta sin, ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as 'Teimpléad Éigeantach 3:**

Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí' *nuair* a bhítear ag cur in iúl don phátrún, do phearsanra na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí gur tugadh an t-athbhreithniú chun críche agus *nuair* a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na scoile gur tugadh an t-athbhreithniú chun críche.

Seicliosta Cháschomhad maidir le Cosaint Leanaí

- Ní mór don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe comhad páipéir ina bhfuil na páipéir/taifid bhunaidh a choinneáil i ndáil le gach ábhar imní cosaint leanaí. Go ginearálta, tá 2 chatagóir comhaid ann mar a mhínítear thíos i gCuid A agus Cuid B.
- Ní mór gach páipéar/taifead bunaidh a choinneáil ina iomláine agus gan aon athrú a bheith déanta orthu ar an gcomhad páipéir lena mbaineann agus caithfidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe é seo a stóráil in áit shábháilte.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm le cur in eagar/anaithnidiú (i gcúinsí ar leith atá leagtha amach in ailt 9.5, 9.6 agus 9.7 de na nósanna imeachta) má dhéantar cóipeanna (seachas ábhar bunaidh) de thaifid shonraithe, agus déantar na cóipeanna seo a chur in eagar/a anaithnidiú má chuirtear ar fáil iad don mBord chun críocha maoirseachta i Tuairisc Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí de chuid an Phríomhoide.
- Éilítear sna nósanna imeachta nach mór don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe cód nó sraithuimhir uathúil a shannadh do na cáschomhaid cosaint leanaí uile agus do pháirtithe ar bith dá dtagraítear sna comhaid seo. Sa chomhthéacs seo is ea is brí le “páirtithe” ná páirtí ar bith (lena n-áirítear an leanbh) a bhféadfadh a chéannacht, má nochtar í, cabhrú chun leanbh nó duine a aithint a bhfuil líomhain déanta ina choinne. Tá nóta treorach ar úsáid cód nó sraithuimhreacha ar fáil mar nóta ar leith.

Cuid A - Ba chóir don méid seo a leanas a bheith i gcomhaid a bhaineann le hábhair imní a tuairiscíodh do Tusla:

- Tuairisc i scríbhinn ón Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an ábhar imní cosaint leanaí a cuireadh ar a s(h)úile dó/di *(Féach Teimpléad Roghnach A – Cuid A).*
- Más cuí, tuairisc ar ghlao gutháin an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe le Tusla agus an chomhairle a cuireadh air/uirthi. (*Féach Teimpléad Roghnach A – Cuid B).*
- Cruachóip den tuairisc (Foirm Tuairiscithe um Chosaint agus Leas Leanaí de chuid Tusla) curtha isteach chuig Tusla *(Is féidir í a phriontáil ó Thairseach Gréasáin le haghaidh Tuairisciú Tusla).*
- Cóip den admháil fála ó Tusla.
- Na taifid uile de bhearta breise a ghlac an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus de chumarsáid breise le Tusla, An Garda Síochána agus le páirtithe eile maidir leis an ábhar imní a tuairiscíodh.
- Taifead i scríbhinn - o ag deimhniú gur chuir an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe tuismitheoir/caomhnóir an linbh ar an eolas go ndearnadh tuairisc maidir lena leanbh chuig Tusla agus na cúiseanna atá leis an cinneadh an tuairisc a

  dhéanamh *(Féach Teimpléad Roghnach C – Cuid A)* ***NÓ***

  o den gcinneadh a rinne an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe gan tuismitheoir/caomhnóir an linbh a chur ar an eolas go ndearnadh tuairisc maidir lena leanbh chuig Tusla agus na cúiseanna atá leis an cinneadh gan iad a chur ar an eolas *(Féach Teimpléad Roghnach C – Cuid B).*

- I gcás ar bith má rinne tuismitheoir dalta sa scoil líomhain mí-úsáide i gcoinne ball de phearsanra na scoile, cóip den bhfógra scríofa a eisíodh don tuismitheoir sin faoi Alt 5.6 de na nósanna imeachta má tuairiscíodh an scéal chuig Tusla (*Féach Teimpléad Roghnach D*).
- Más cuí, cóip den ráiteas scríofa a chuir an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar fáil don mball foirne má thuairiscigh an ball foirne seo ábhar imní chuig Tusla i gcúinsí inar chinn an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe nár chóir é a thuairisciú do Tusla. Sa ráiteas seo ba chóir na cúiseanna a lua a mhíníonn cén fáth nár thuairiscigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an t-ábhar imní seo *(Féach Teimpléad Roghnach B)*.

Cuid B - Ba chóir don méid seo a leanas a bheith i gcomhaid a bhaineann le hábhair imní nár tuairiscíodh do Tusla:

- Tuairisc i scríbhinn ón Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an ábhar imní cosaint leanaí a cuireadh ar a s(h)úile dó/di *(Féach Teimpléad Roghnach A – Cuid A)*.
- Más cuí, tuairisc ar ghlao gutháin an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe le Tusla agus an chomhairle a cuireadh air/uirthi. (*Féach Teimpléad Roghnach A – Cuid B)*.
- Cóip den ráiteas scríofa a chuir an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar fáil don mball foirne a chuir an t-ábhar imní in iúl don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe i dtaobh na gcúiseanna a mhíníonn cén fáth nár tuairiscíodh an t-ábhar imní mar aon le taifead a chuireann in iúl don mball foirne gur féidir leis/léi dul i gcomhairle le Tusla i gcónaí. Tá feidhm ag an méid seo más rogha leis an mball foirne gan an t-ábhar imní a

thuairisciú do Tusla tar éis an ráiteas scríofa a fháil ón Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. (*Féach Teimpléad Roghnach B).*

- Na taifid uile de bhearta breise ar bith a ghlac an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus de chumarsáid bhreise le Tusla, An Garda Síochána agus le páirtithe eile maidir leis an ábhar imní.
- I gcás ar bith má rinne tuismitheoir dalta sa scoil líomhain mí-úsáide i gcoinne ball de phearsanra na scoile, cóip den bhfógra scríofa a eisíodh don tuismitheoir sin faoi Alt
  5.6 de na nósanna imeachta murar tuairiscíodh an scéal do Tusla (*Féach* Teimpléad Roghnach D)

Nóta Treorach 3: Cóid uathúla nó sraithuimhreacha a úsáid

Tá sé mar aidhm ag an nóta seo treoir a sholáthar do DIAanna agus do bhoird bhainistíochta maidir le húsáid na gcód uathúla nó sraithuimhreacha do chomhaid um chosaint leanaí agus do pháirtithe dá ndéantar tagairt sna comhaid. Ba chóir an nóta treorach seo a léamh in éineacht leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (leasaithe 2023) (ar a dtugtar "na nósanna imeachta" ina dhiaidh seo).

- Ionas gur féidir taifid agus gníomhartha ábhartha a thaifeadadh agus a rianú go héifeachtach, éilíonn na nósanna imeachta go dtabharfaidh an DIA cód uathúil nó sraithuimhir do gach cás cosanta leanaí agus d'aon pháirtí dá dtagraítear i gcomhaid dá leithéid.
- Sa chomhthéacs seo ciallaíonn "páirtithe" páirtí ar bith (an leanbh san áireamh) a bhféadfadh a gcéannacht, dá nochtfaí é, leanbh nó duine a bhfuil líomhain déanta ina choinne a shainaithint.
- Sa nóta seo, úsáidtear "cód" chun tagairt do chód uathúil nó do shraithuimhir.
- Ar mhaithe le dea-bhainistíocht comhad, ba cheart breathnú maidir le o **Innéacs** a bheith i ngach comhad leis an gcód uathúil nó an tsraithuimhir a shanntar do gach páirtí agus,

    o **Máistirliosta** comhad a bheith ar fáil a nascann gach cásuimhir uathúil leis an leanbh nó, nuair is cuí, leis an bpearsanra scoile ar cruthaíodh an comhad ina leith.

Ba chóir don DIA iad seo a stóráil in áit shábháilte.

An t-innéacs

- Is éard atá san innéacs go bunúsach ná liosta de na cóid go léir a úsáidtear sa chomhad ina gcruthaítear nasc soiléir idir an cód agus an leanbh nó an páirtí dár sannadh é. Is fearr é a chur laistigh de chlúdach an cháschomhaid agus é a nuashonrú de réir mar is gá agus de réir mar a chuirtear taifid bhreise a thagraíonn d'aon pháirtithe nua sa chomhad. o Seo an chuma a bheidh ar an liosta ar an gcomhad:

Liosta na gcód i gcáschomhad 0001
Tá na comhaid seo a leanas tugtha do leanbh(leanaí)/páirtithe sa chomhad seo– Is í Ann Adams 'Leanbh A' Is é an tUasal Adam Adams 'Duine Fásta A'

- Úsáideann an Príomhoide na cóid má bhíonn gá le rúndacht nuair a thagraítear do chás ag cruinniú den Bhord Bainistíochta. **Úsáidtear na cóid i gcónaí chun tagairtí do chás nó páirtí a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú an Bhoird Bainistíochta.** Mar shampla, féadfar tagairt sna miontuairiscí do 'Cáschomhad 0001' agus/nó 'Leanbh A (cáschomhad 0001)' nó 'Duine Fásta B (cáschomhad 0001)' srl. de réir mar a oireann.

An máistirliosta

Seo a leanas sampla de mháistirliosta/innéacs dá leithéid:

Máistirliosta d'uimhreacha Cáschomhad ar Chosaint Leanaí	
Uimhir an cháschomhaid	**Sonraí an Linbh/Ball de Phearsanra na Scoile dár cruthaíodh an comhad**
0001	Ann Adams, 4 An Phríomhshráid, Baile an Chaisleáin
0002	Barry Brown, 22 Radharc an Úlloird, Baile an Chaisleáin
0003	Colin Collins, Árasáin Radharc an Droichid, Baile an Chaisleáin

- Ag cruinnithe an bhoird bhainistíochta, má bhíonn rúndacht ag teastáil, ceadóidh úsáid na gcód don phríomhoide tagairt a dhéanamh do chás/pháirtí trí thagairt a dhéanamh don chód. Ní mór na cóid a úsáid i miontuairiscí chruinnithe boird chun cás cosanta leanaí nó páirtithe ábhartha a thaifeadadh. Cuirfidh sé seo, ina dhiaidh sin, ar chumas na Cigireachta cás a rianú trí na miontuairiscí agus na comhaid agus na taifid ábhartha a iarraidh agus a athbhreithniú nuair is gá.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gá cód a shannadh do gach duine a ainmnítear nó dá dtagraítear i gcomhad nó i dtaifead. Is éard is gá a chinntiú ná an bhféadfaí céannacht an duine a aithint nó a nochtadh, i gcúinsí áirithe an cháis, an leanbh nó an duine a bhfuil líomhain déanta ina choinne nó ina coinne.
- Ba cheart nach gceadódh na cóid a shanntar aitheantas na bpáirtithe. Maidir leis seo, ba chóir a thabhairt faoi deara:
    - Níor cheart don DIA an uimhir POD nó P-POD a úsáid agus cód nó uimhir á sannadh do leanaí mar d'fhéadfaí an leanbh a aithint ón

uimhir sin. o Níor cheart úsáid a bhaint as ceannlitreacha an linbh nó páirtithe eile a bhaineann leis an gcás.

- I nósanna imeachta 2023 ní luaitear go gcaithfear modh nó córas ar leith a úsáid chun cóid a shannadh. Má chomhlíontar na ceanglais thuas, féadfaidh scoileanna córais atá ann cheana féin a úsáid nó a gcóid féin a chruthú agus a úsáid.
- Mar mhalairt air sin, féadfaidh scoileanna an sampla atá leagtha amach thíos a úsáid mar chóras oiriúnach chun cóid a shannadh.
- Cinnteoidh an DIA go mbeidh dóthain eolais ag an Leas-DIA ar an gcóras comhdaithe agus códaithe atá i bhfeidhm ionas gur féidir leis an Leas-DIA taifid a rochtain agus dualgais taifeadta agus eile an DIA a chomhlíonadh nuair a éilítear a leithéid, mura mbíonn an DIA ann. **Sampla de chóras códaithe**
- Úsáidtear córas uimhriúil a thosaíonn le '0001' chun uimhir uathúil a shannadh do gach cáschomhad um chosaint leanaí. Beidh an uimhir '0001' ar an gcéad chomhad a chruthaítear agus de réir mar a chruthaítear cóid ina dhiaidh sin tabharfar '0002', '0003' agus mar sin de dóibh. Stóráiltear comhaid sa chomhadchaibinéad/limistéar stórála comhdaithe slán cuí san ord uimhriúil seo.
- Nuair a chruthaítear comhad, sanntar cóid mar seo a leanas don leanbh/do na leanaí lena mbaineann agus do pháirtithe eile:
    - Sanntar cód mar seo a leanas do gach leanbh – 'Leanbh A', 'Leanbh B' agus mar sin de.
    - Sanntar cód mar seo a leanas do gach páirtí fásta sa chomhad – 'Duine Fásta A', 'Duine Fásta B' agus mar sin de.

Nóta maidir le líomhaintí mí-úsáide in aghaidh baill den lucht foirne scoile

Agus aitheantas ball foirne scoile á déanamh gan ainm, úsáidfidh an DIA cód uathúil nó sraithuimhir nach mór a athúsáid má dhéantar líomhain mí-úsáide ina dhiaidh sin i gcoinne an bhall seo de lucht foirne na scoile. Cuirfidh an DIA an bord ar an eolas, tríd an gcód uathúil nó an tsraithuimhir seo, má tá líomhain(tí) mí-úsáide déanta roimhe seo i gcoinne an bhall seo de lucht foirne na scoile agus, más ea, líon na líomhaintí sin lena n-áirítear toradh na líomhaintí roimhe seo.

Leanfaidh sé seo an fhormáid a leagtar amach thuas m.sh. ‘Leanbh A’, ‘Duine Fásta A’, ‘Ball de lucht foirne na Scoile A’.

Nóta Treorach 4: Maoirseacht an Bhoird ar chásanna cosanta leanaí a thaifeadadh ina chuid miontuairiscí.

Tá sé i gceist leis an nóta seo treoir a thabhairt do phríomhoidí, DIAanna agus Boird Bainistíochta maidir le maoirseacht an Bhoird ar chásanna cosanta leanaí a thaifeadadh ina chuid miontuairiscí.

Ba chóir an nóta treorach seo a léamh in éineacht leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* (dá dtagrófar mar "na nósanna imeachta" ina dhiaidh seo)

Príomhphrionsabail

- Is iad na codanna ábhartha de na nósanna imeachta ná ailt 9.4, 9.5, 9.6, 9.7 agus 9.8.
- I gcás gach taifead ar chosaint leanaí a chuirtear ar fáil don bhord chun críocha maoirseachta, dóibh a **bhaineann le pearsanra na scoile san áireamh,** ba chóir ainmneacha a bhaint as agus folú a dhéanamh orthu lena chinntiú nach nochtar céannacht aon leanaí ná aon pháirtithe eile.
- Is faoin scoil atá sé cinneadh a dhéanamh cé mhéad cóip de dhoiciméid ba chóir a chur ar fáil don Bhord
- Ba cheart go sonrófaí sna miontuairiscí na doiciméid a cuireadh ar fáil ag cruinniú an bhoird. Is féidir an fhaisnéis seo a shonrú ar theimpléad roghnach F, atá ar fáil anseo agus is féidir é a cheangal de na miontuairiscí.

- Ag deireadh an chruinnithe ba cheart gach doiciméad a chuirtear ar fáil do bhaill an bhoird a bhailiú ó na baill agus a choinneáil sa chomhad cosanta leanaí.

Seo a leanas sliocht samplach ó mhiontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta a rinne maoirseacht ar imní maidir le cosaint leanaí nár thuairiscigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do Tusla agus nach raibh ball de phearsanra na scoile bainteach leis.

15/10/2020

Chuir an príomhoide an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ceangailte faoi bhráid an bhoird. Maidir le Cás 0012/2020, rinne an Bord athbhreithniú ar na doiciméid a raibh folú déanta orthu agus a cuireadh ar fáil chun críocha maoirseachta. Tá cuntas ar na doiciméid seo i dteimpléad F atá ceangailte. Rinneadh folú ar gach doiciméad agus rinneadh cóip de gach ceann do gach ball den bhord. Coinníodh gach cóip a raibh folú déanta orthu i gcomhad 0012/2020 ina dhiaidh sin.

Bhí an Bord sásta gur cloíodh leis na nósanna imeachta tuairiscithe ábhartha.

Seo a leanas sliocht samplach as miontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta a rinne maoirseacht ar imní maidir le cosaint leanaí a thuairiscigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do Tusla agus a raibh ball de phearsanra na scoile bainteach leis.

20 Deireadh Fómhair 2020 (Pearsanra Scoile)

Chuir an príomhoide an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ceangailte faoi bhráid an bhoird. Maidir le Cás 0014/2020, rinne an Bord athbhreithniú ar na doiciméid le folú déanta orthu agus a cuireadh ar fáil chun críocha maoirseachta. Soláthraíodh cóip amháin de na doiciméid comhaid le folú déanta orthu do chruinniú an bhoird. Coinníodh an chóip le folú seo i gcomhad 0014/2020

ina dhiaidh sin. Tá cuntas ar na doiciméid seo i dteimpléad F atá ceangailte. Bhí an Bord sásta gur cloíodh leis na nósanna imeachta tuairiscithe ábhartha.